An Rialálaí Carthanas

Charities Regulator

Treoir d'Iontaobhaithe Carthanais

An nuashonrú is déanaí: an 14 Meitheamh 2017

An nuashonrú is déanaí: an 14 Meitheamh 2017

Tá an treoirdhoiciméad seo faoi réir athbhreithniú agus nuashonrú tréimhsiúil. Féach suíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas ag www.charitiesregulator.ie chun teacht ar an leagan is déanaí den doiciméad seo.

Clár Ábhar

1.	Maidir leis an Rialálaí Carthanas	5
2.	Réamhrá	6
3.	Maidir le hIontaobhaithe Carthanais	7
4.	Na Dualgais Ghinearálta atá ar Iontaobhaithe Carthanais	11
5.	Na Dualgais atá ar Iontaobhaithe Carthanais faoin Acht Carthanas 2009	13
6.	Pointí Deiridh le Tabhairt faoi Deara	16

A CHINNTIÚ GO MBÍONN DO CHARTHANAS AG COMHLÍONADH A CHUSPÓIRÍ CARTHANÚLA CHUN **LEAS AN PHOBAIL**

CLOÍ LE DOICIMÉAD RIALAITHE DO CHARTHANAIS

GNÍOMHÚ CHUN LEAS DO **CHARTHANAIS**



A CHINNTIÚ GO GCOIMEÁDANN DO CHARTHANAS **LEABHAIR CHUNTAIS CHUÍ**

GNÍOMHÚ LE **CÚRAM CUÍ AGUS LE SCIL CHUÍ**

SÓCMHAINNÍ DO CHARTHANAIS A BHAINISTIÚ

1 Maidir leis an Rialálaí Carthanas

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Carthanas ('an Rialálaí Carthanas') i mí Dheireadh Fómhair 2014 mar údarás reachtúil neamhspleách de chuid na hÉireann le haghaidh eagraíochtaí carthanúla a rialáil agus a chosaint. Is iad seo a leanas na feidhmeanna ginearálta atá aige faoin Acht Carthanas 2009 ('an tAcht'):

- **iontaoibh agus muinín** an phobail as bainistiú agus riaradh iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla a mhéadú;
- **comhlíonadh** a ndualgas ag iontaobhaithe carthanas a chur chun cinn i rialú agus bainistiú iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla;
- **úsáid éifeachtach maoine** iontaobhas carthanúil nó eagraíochtaí carthanúla a chur chun cinn;
- **cuntasacht** eagraíochtaí carthanúla do dheontóirí agus do thairbhithe bronntanas carthanúil, agus don phobal, a chinntiú;
- tuiscint a chur chun cinn ar an gceanglas gur chun **leas an phobail** a bheidh aidhmeanna carthanúla;
- **clár d'eagraíochtaí carthanúla** a bhunú agus a chothabháil;
- **comhlíonadh** an Achta ag eagraíochtaí carthanúla a chinntiú, agus faireachán a dhéanamh ar an gcéanna;
- **imscrúduithe** a dhéanamh de réir an Achta;
- **feabhas ar riaradh agus bainistiú** eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe ar mhodh treoirlínte, cód cleachtais agus doiciméad bunreachtúil eiseamláireach a eisiúint (nó, de réir mar is cuí leis, a cheadú);
- cibé gníomhaíochtaí a sheoladh nó cibé **faisnéis** (lena náirítear faisnéis staidrimh) **a fhoilsiú** a bhaineann le heagraíochtaí carthanúla agus iontaobhais charthanúla agus is cuí leis;
- **faisnéis** (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) nó **comhairle a sholáthar** don Aire, nó tograí a chur faoina bhráid nó faoina bráid, maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna an Rialálaí.

2 Réamhrá

Is iad iontaobhaithe carthanais na daoine a fheidhmíonn rialú ar charthanas agus a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as bainistiú carthanais. Is oibrithe deonacha iad a chuireann a gcuid ama ar leataobh chun na cuspóirí carthanúla a chomhlíontar in Éirinn agus na gníomhaíochtaí carthanúla a sheoltar sa tír a fheabhsú agus a chosaint agus chun tacú leo. Cé gur oibrithe deonacha iad, gabhann freagracht shuntasach leis an ról mar iontaobhaí carthanais. Is ar an mbord iontaobhaithe ar charthanas atá an fhreagracht chomhchoiteann as maoirseacht a dhéanamh ar an gcarthanas. Cé go bhféadfaidh iontaobhaithe carthanais cúraimí a tharmligean, ní fhéadfaidh siad cuntasacht a tharmligean.

Tá na Treoirlínte seo á n-eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Tá an Rialálaí Carthanas ag súil leis go ndéanfar carthanais a rialú agus a bhainistiú ar bhealach a thugann cosaint do cháil a gcarthanais agus a spreagann iontaoibh agus muinín an phobail as a gcarthanas. Tá an Rialálaí Carthanas den tuairim go mbaineann ríthábhacht le hiontaobhaithe carthanais atá eolach agus a bhfuil dea-rún acu maidir le hiontaoibh agus muinín an phobail a mhéadú as an earnáil.

Cuireadh an treoirdhoiciméad seo le chéile chun cabhrú le hiontaobhaithe carthanais a gcuid dualgas a thuiscint. Aon duine a bhfuil ról aige ar bhord bainistíochta nó ar choiste feidhmiúcháin ar charthanas, nó aon duine atá ag smaoineamh faoi ghabháil do ról den sórt sin, ba cheart dó eolas a chur ar an treoir seo ar dtús.

Ceanglóidh an Rialálaí Carthanas ar na hiontaobhaithe de chuid gach carthanais chláraithe in Éirinn míniú a thabhairt ar an gcur chuige a ghlacann siad i leith a gcarthanas a rialú agus a bhainistiú agus údar a thabhairt leis an gcur chuige sin, go háirithe i gcás go gcinnfidh siad gan an dea-chleachtas atá leagtha amach sna treoirlínte seo a leanúint.

Is ionann an téarma "iontaobhaithe carthanais" agus brat-téarma a chuimsíonn an grúpa daoine a fheidhmíonn rialú ar charthanas agus a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as bainistiú carthanais. Bhí daoine atá ag gníomhú sa cháil sin ina n-iontaobhaithe carthanais i gcónaí. Mar sin, bhí na hoibleagáidí dlíthiúla gaolmhara orthu i gcónaí freisin. D'fhéadfadh nach mbeadh iontaobhaithe áirithe ar an eolas faoi na dualgais atá orthu ina leith sin, áfach.

3 Maidir le hIontaobhaithe Carthanais

Cé hiad na hiontaobhaithe carthanais de chuid carthanais?

Is iad iontaobhaithe carthanais na daoine a fheidhmíonn rialú ar charthanas agus a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as bainistiú an charthanais. Maidir leis an teideal a bheidh ar iontaobhaí carthanais i gcarthanas ar leith, beidh sé sin ag brath ar struchtúr dlíthiúil an charthanais lena mbaineann. Is iad seo a leanas roinnt samplaí de sin:

- Más **cuideachta** é an carthanas, is iad na hiontaobhaithe carthanais ná na stiúrthóirí agus na hoifigigh eile de chuid na cuideachta;
- Más **comhlacht neamhchorpraithe nó comhlacht corpraithe** (seachas cuideachta) é an carthanas, áirítear le hiontaobhaithe an charthanais aon oifigigh nó aon daoine atá ag gníomhú i gcáil oifigiúil maidir leis an eagraíocht a bhainistiú agus a rialú, amhail comhaltaí den bhord bainistíochta nó den choiste rialaithe;
- Má **bunaíodh an carthanas faoi ghníomhas iontaobhais**, is iad na hiontaobhaithe carthanais ná na hiontaobhaithe atá sonraithe sa ghníomhas iontaobhais.

Mura bhfuil tú cinnte faoi cé acu atá tú i d'iontaobhaí carthanais nó nach bhfuil, tá sé tábhachtach go seiceálfaidh tú struchtúr dlíthiúil do charthanais chun soiléiriú a fháil ar do phost. Tá sé tábhachtach go bhféachfaidh tú ar bhunreacht nó ar ghníomhas iontaobhais ('doiciméad rialaithe') do charthanais freisin.

Conas is féidir liom teacht chun bheith i m'iontaobhaí carthanais?

Ní hionann na nósanna imeachta um iontaobhaithe carthanais a cheapadh do gach eagraíocht charthanúil. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go reáchtálfaí próiseas toghcháin nó go bhfanfadh na hiontaobhaithe carthanais san oifig go dtí go n-éireoidís as nó go mbainfí iad. I gcásanna eile, d'fhéadfadh go gcuirfeadh na hiontaobhaithe carthanais téarmaí seasta oifige isteach. Ba cheart sonraí a bheith ann i ndoiciméad rialaithe do charthanais faoin dóigh a gceapfar iontaobhaithe carthanais agus faoin bhfad ama a fhanfaidh siad san oifig.

D'fhéadfadh go gcuirfeadh carthanais áirithe toirmeasc ar dhuine aonair fónamh mar iontaobhaí carthanais in imthosca áirithe. Bheadh na himthosca sin leagtha amach ina ndoiciméad rialaithe.

Cárb as a dtagann dualgais an iontaobhaí carthanais?

Tagann na dualgais atá ort mar iontaobhaí carthanais as na nithe seo a leanas:

- Doiciméad rialaithe do charthanais;
- An reachtaíocht (reacht);
- An Dlí Coiteann (corpas dhlí na hÉireann atá bunaithe ar an gcleachtas seanbhunaithe agus ar bhreitheanna na gcúirteanna).

Tá dualgais shonracha ar iontaobhaithe carthanais faoin Acht Carthanas 2009. Chomh maith leis sin, ceanglaítear orthu a chinntiú go gcomhlíonann a gcarthanas na ceanglais atá leagtha amach faoi phíosaí ábhartha eile reachtaíochta, e.g. an reachtaíocht um chosaint sonraí, an reachtaíocht fostaíochta, an reachtaíocht um shláinte agus sábháilteacht, etc. I gcás gur cuideachta é an carthanas, is amhlaidh, faoin dlí cuideachtaí agus faoin dlí coiteann, go bhfuil dualgais bhreise ar iontaobhaí carthanais más stiúrthóir cuideachta é freisin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na freagrachtaí atá ar stiúrthóirí cuideachta, féach suíomh Gréasáin Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Is féidir an suíomh a rochtain tríd an nasc seo a leanas:

Na Freagrachtaí atá ar Chuideachtaí/Stiúrthóirí/Rúnaithe
http://www.odce.ie/en- gb/companylawyou/companiesdirectorssecretaries/responsibilities.aspx

An íocfar liom as a bheith i m'iontaobhaí carthanais?

Ní ceadmhach d'iontaobhaithe brabús a dhéanamh ar a ndualgais mar iontaobhaí carthanais a chomhlíonadh. Ní fhéadfaidh tú glacadh le tuarastal a bhaineann go sonrach le do ról mar iontaobhaí carthanais. Ní fhéadfaidh tú aon sochair eile a fháil ina leith ach oiread. Mar sin féin, d'fhéadfadh go n-aisíocfaí leat speansais réasúnacha a thabhaíonn tú le linn duit do dhualgais a chomhlíonadh. Foráiltear le halt 89 den Acht Carthanas 2009 go bhféadfaidh iontaobhaithe carthanais comhaontú seirbhíse i scríbhinn a dhéanamh le carthanas. Níor tháinig an t-alt sin i bhfeidhm go fóill, áfach. Soláthróidh an Rialálaí Carthanas tuilleadh treorach maidir le luach saothair in am is i dtráth.

An féidir le haon duine ar bith a bheith ina iontaobhaí carthanais?

D'fhéadfadh go scoirfeadh duine de bheith cáilithe chun gníomhú mar iontaobhaí carthanais. Tá forais ann le duine a dhícháiliú ó phost iontaobhaí carthanais a shealbhú, mar shampla, i gcás:

- go mbreithneofar ina fhéimheach é;
- go ndéanfaidh sé comhshocraíocht fhoirmiúil dócmhainneachta le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, ar comhshocraíocht í atá ceadaithe ag an gcúirt;
- go gciontófar é ar díotáil i gcion;
- gur cuideachta é atá i gcúrsa a foirceanta.

Chun tuilleadh sonraí a fháil agus chun amharc ar liosta iomlán de na forais dícháilithe lena bheith i d'iontaobhaí carthanais, féach alt 55 den Acht Carthanas 2009.

D'fhéadfadh go mbeadh forais eile ag carthanais áirithe le toirmeasc a chur ar dhuine aonair fónamh mar iontaobhaí carthanais. Bheadh na forais sin leagtha amach ina ndoiciméad rialaithe.

Cad a tharlóidh má mheasaim nach bhfuil duine éigin ceadaithe faoin dlí chun a bheith ina iontaobhaí carthanais?

Beidh duine ciontach i gcion má ghníomhaíonn sé mar iontaobhaí carthanais i gcás nach bhfuil sé cáilithe chun an post sin a shealbhú. Beidh iontaobhaí carthanais (nó ball foirne) ciontach i gcion freisin má chomhlíonann sé ordachán ó dhuine nach bhfuil cáilithe chun post iontaobhaí carthanais a shealbhú i gcás go raibh a fhios aige, nó go raibh forais réasúnacha aige chun a fhios a bheith aige, nach raibh an duine sin cáilithe chun an post sin a shealbhú.

Maidir le haon duine a chiontófar i gceachtar de na cionta sin, beidh sé faoi dhliteanas pearsanta i leith fhiach a charthanais a thagann as gníomhartha an iontaobhaí dhícháilithe carthanais nó as aon ghníomh a rinne sé le linn dó ordachán ón iontaobhaí dícháilithe carthanais a chomhlíonadh.

Má mheasann tú nach bhfuil duine éigin ceadaithe faoin dlí chun a bheith ina iontaobhaí carthanais, ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar an ábhar imní sin a chur in iúl don charthanas é féin sa chéad ásc. Ina lán cásanna, tabharfaidh sé sin deis don bhord iontaobhaithe carthanais an t-ábhar imní a réiteach.

Más rud é nach bhfuil tú in ann an t-ábhar imní a chur in iúl don charthanas, nó gur chuir tú an t-ábhar imní in iúl dó agus nach ndearna sé aon ghníomh ina leith, ba cheart duit é a chur in iúl don Rialálaí Carthanas ach ár bhfoirm ábhar imní ar líne a chomhlánú.

Cad a tharlaíonn i gcás nach gcomhlíonann iontaobhaí carthanais na cúraimí atá air mar is ceart?

Tá freagracht ar iontaobhaithe carthanais as gnóthaí an charthanais agus ní mór dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh go dícheallach. Má theipeann orthu déanamh amhlaidh, is féidir go mbeidh sárú iontaoibhe déanta acu. Is féidir go gcuirfear iontaobhaithe carthanais faoi dhliteanas pearsanta i leith aon chaillteanais nó damáiste a fhulaingíonn a gcarthanas mar thoradh ar a ngníomhartha. Más féidir a thaispeáint gur ghníomhaigh na hiontaobhaithe carthanais go hionraic agus go réasúnta, áfach, is féidir nach gcuirfear faoi dhliteanas pearsanta iad.

Ag gníomhú di ar iarratas an Rialálaí Carthanas, féadfaidh an Ard-Chúirt ordú a thabhairt lena mbaintear iontaobhaí carthanais óna oifig. Chomh maith leis sin, féadfaidh an Rialálaí Carthanas iontaobhaithe carthanais a ionchúiseamh as cionta faoin Acht Carthanas 2009 i gcúinsí áirithe.

Cad ba cheart dom a dhéanamh má scoireann an carthanas dá oibríochtaí?

I gcás go gcinneann do charthanas scor dá oibríochtaí, ba cheart d'iontaobhaithe carthanais cloí le forálacha ábhartha dhoiciméad rialaithe an charthanais. Is féidir go gceanglófar leis go n-aistreofaí cistí nó maoin ar bith atá fágtha chuig eagraíocht charthanúil a bhfuil aidhmeanna den chineál céanna aici.

Chomh maith leis sin, ba cheart duit eolas a thabhairt don Rialálaí Carthanas faoin dúnadh agus tacar cuntas deiridh agus sonraí faoi dháileadh na sócmhainní atá fágtha a thabhairt. Tabharfaidh an Rialálaí Carthanas tuilleadh treorach maidir le foirceannadh in am is i dtráth.

Ba cheart d'iontaobhaithe carthanais a thabhairt faoi deara go bhféadfadh go mbeadh oibleagáidí dlíthiúla eile orthu eolas a thabhairt do chomhlachtaí eile amhail an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) agus dul i dteagmháil leo ina leith, ag brath ar struchtúr a n-eagraíochta.

4 a Dualgais Ghinearálta atá ar Iontaobhaithe Carthanais

Cé na dualgais ghinearálta atá ar iontaobhaí carthanais?

Is as an dlí coiteann a thagann na dualgais ghinearálta atá ar iontaobhaithe carthanais. Cé nach liosta uileghabhálach é, tá roinnt de na príomhdhualgais ar iontaobhaí carthanais ar fáil thíos:

Cloí le doiciméad rialaithe do charthanais

Ní mór duit téarmaí dhoiciméad rialaithe do charthanais a léamh agus cloí leo. Ní mór duit a chinntiú go dtuigeann tú cuspóir carthanúil do charthanais, an sochar poiblí atá sé ag cur ar fáil agus raon do chumhachtaí agus do dhualgas mar iontaobhaí carthanais.

A chinntiú go mbíonn do charthanas ag comhlíonadh a chuspóirí carthanúla chun leas an phobail

Ní mór duit a chinntiú go ndéanann gníomhaíochtaí do charthanais dul chun cinn ar an gcuspóir carthanúil/na cuspóirí carthanúla amháin agus gur chun leas an phobail atá na cuspóirí sin. Is iad seo a leanas na cuspóirí carthanúla atá leagtha amach san Acht Carthanas 2009:

a) an bhochtaineacht nó cruatan eacnamaíoch a chosc nó a mhaolú;

b) oideachas a chur ar aghaidh;

c) creideamh a chur ar aghaidh;

d) aon chuspóir eile a théann chun tairbhe don phobal.

Ní mór na cuspóirí carthanúla sin a bheith chun tairbhe don phobal nó do chuid den phobal. Ní mór aon leas pearsanta a thagann chun cinn a bheith coimhdeach agus riachtanach chun leas an phobail a chur chun cinn.

Chun liosta cuspóirí atá faoi "cuspóir a théann chun tairbhe don phobal" a fháil, féach alt 3(11) den Acht Carthanas 2009

Gníomhú chun leas do charthanais

Ní mór duit gníomhú chun leas do charthanais i gcónaí agus bheith neamhchlaonta agus do dhualgais á gcomhlíonadh agat. Ní mór duit do chuid freagrachtaí a dhéanamh go dícheallach agus ba cheart duit obair i gcomhar le hiontaobhaithe carthanais eile chun cuspóir do charthanais a chur chun cinn.

D'fhéadfadh go dtiocfadh coinbhleacht leasa chun cinn má thagann do leasanna pearsanta salach ar chomhlíonadh do dhualgas mar iontaobhaí carthanais.

I gcás go dtagann cás chun cinn ina bhféadfá leas pearsanta a bhaint as do ról mar iontaobhaí carthanais, i.e. coinbhleacht, ní mór duit gníomhú chun leas do charthanais i gcónaí. Má tá tú idir dhá chomhairle a mhéid go dtéann sé i bhfeidhm ar do chumas chun cinneadh a dhéanamh i do ról mar iontaobhaí carthanais, ba cheart duit do choinbhleacht leasa a dhearbhú agus gan dul i bhfeidhm ar an gcinneadh ar leith sin.

Gníomhú le cúram cuí agus le scil chuí

Ní mór duit gníomhú le cúram cuí agus le scil chuí agus do thaithí agus scileanna pearsanta a úsáid agus do dhualgais á gcomhlíonadh agat. Ba cheart duit go leor ama a chur i leataobh chun a chinntiú go gcomhlíontar do ról go héifeachtach. Is minic a tharmligeann iontaobhaithe carthanais gníomhaíochtaí laethúla. Mar sin féin, ní ceadmhach duit freagracht fhoriomlán a tharmligean. Má theastaíonn sainchabhair, mar shampla comhairle airgeadais, ó do charthanas, ba cheart duit an chomhairle chuí a fháil.

Sócmhainní do charthanais a bhainistiú

Ní mór duit sócmhainní do charthanais a bhainistiú agus a chinntiú go gcoimeádtar cuntas ar an maoin ar fad atá ag do charthanas agus go dtaifeadtar i gceart í. Ní mór duit a chinntiú gur chun a chuspóirí a chomhlíonadh amháin a úsáidtear sócmhainní do charthanais. Níor cheart sócmhainní an charthanais a úsáid go míchuí ná le haghaidh cuspóirí neamhúdaraithe. Ní mór duit bheith cúramach chun a chinntiú nach ndéantar cistí do charthanais a chúbláil ná a chur amú.

Ba cheart duit buiséad do charthanais a phleanáil agus riachtanais ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha airgeadais do charthanais a chur san áireamh.

Má ghlacann tú le ról mar iontaobhaí carthanais i gcarthanas seanbhunaithe, ba cheart duit tú féin a shásamh go gcoimeádtar cuntas ar an maoin ar fad atá ag an gcarthanas agus go bhfuil sí in ord.

Cinntí cuí infheistíochta a dhéanamh

Is féidir go mbeidh ort cinntí a dhéanamh go rialta ar an dóigh a n-infheistítear airgead do charthanais. Le linn duit déanamh amhlaidh, ní mór duit an scil agus an cúram atá cuí a úsáid agus gníomhú chun leas do charthanais agus tú ag infheistiú a shócmhainní.

Más rud é go n-infheistíonn tú airgead lasmuigh de raon feidhme d'údaráis nó go n-aontaíonn tú leis an infheistíocht sin a dhéanamh i do cháil mar iontaobhaí carthanais atá ag obair de bhun gníomhas iontaobhais, is féidir go gcuirfear faoi dhliteanas pearsanta thú i leith aon chaillteanais.

An bhfuil aon dualgais bhreise ann ar iontaobhaí carthanais?

Tá. De réir an Achta Carthanas 2009, tá dualgais bhreise ann ar iontaobhaithe carthanais. Tá siad leagtha amach sa chéad rannán eile den treoirdhoiciméad seo.

5 Na Dualgais atá ar Iontaobhaithe Carthanais faoin Acht Carthanas 2009

Leagtar amach san Acht Carthanas 2009 dualgais bhreise ar iontaobhaithe carthanais agus na dualgais sin atá leagtha amach thuas. Tá sé tábhachtach a chuimhneamh nach ceadmhach duit brabús a dhéanamh ar do dhualgais mar iontaobhaí carthanais a chomhlíonadh. Mar sin féin, d'fhéadfadh go n-aisíocfadh do charthanas leat speansais réasúnacha a thabhaíonn tú le linn duit do dhualgais a chomhlíonadh.

Cé na dualgais bhreise atá ar iontaobhaithe carthanais faoin Acht Carthanas 2009?

A chinntiú go bhfuil do charthanas cláraithe ar an gClár Eagraíochtaí Carthanúla de chuid an Rialálaí Carthanas

Ní mór duit a chinntiú go bhfuil do charthanas cláraithe leis an Rialálaí Carthanas agus ní mór duit sonraí do charthanais a choinneáil cothrom le dáta linn. Is cion é faisnéis atá bréagach nó míthreorach a thabhairt go feasach nó gan smaoineamh don Rialálaí Carthanas agus do charthanas á chlárú agat.

Beidh duine ciontach i gcion má sheolann sé gníomhaíochtaí sa Stát thar ceann eagraíocht charthanúil nó comhlacht corparáideach is eagraíocht charthanúil i gcás nach bhfuil an eagraíocht charthanúil cláraithe nó nach meastar í a bheith cláraithe.

Má tá comhlacht á chur i láthair aige féin mar charthanas, beidh sé ciontach i gcion más rud é gur theip air clárú leis an Rialálaí Carthanas.

A chinntiú go gcoimeádann do charthanas leabhair chuntais chuí

Ní mór duit a chinntiú go gcoimeádann do charthanas leabhair chuntais chuí. Ní mór iontrálacha ó lá go lá a bheith sna leabhair chuntais de na suimeanna airgid go léir arna bhfáil agus arna n-íoc ag do charthanas. Ní mór taifead de shócmhainní agus dliteanais do charthanais a choinneáil ar bun freisin.

De réir an Achta Carthanas 2009, ní mór duit a chinntiú go gcoimeádtar leabhair chuntais go ceann tréimhse sé bliana ar a laghad ó dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad.

A chinntiú go ndéanann do charthanas cuntais airgeadais a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas

Is le tabhairt isteach fós atá rialacháin ón Aire maidir le riocht agus ábhar na ráiteas cuntas bliantúil d'eagraíochtaí carthanúla. Tá na rialacháin á dtabhairt chun críche faoi láthair tar éis tréimhse comhairliúcháin phoiblí.

Is é seo seasamh reatha an Rialálaí Carthanas:

- Ní mór duit a chinntiú go ndéanann do charthanas ráiteas cuntas le haghaidh gach bliana airgeadais a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas. Ní mór d'iontaobhaithe carthanais a shocrú go ndéantar na cuntais a iniúchadh tráth nach déanaí ná deireadh na bliana airgeadais iomchuí, faoi réir na n-eisceachtaí a leagtar amach in alt 50 den Acht Carthanas 2009.
- I gcás gur lú ná €10,000 ioncam comhlán nó caiteachas iomlán do charthanais i mbliain airgeadais, is amhlaidh, de réir alt 48(6) den Acht Carthanas 2009, nach mbeidh feidhm ag an gceanglas chun ráiteas cuntas bliantúil a ullmhú.

  Tá sé de rogha agat cuntas brabúis agus caillteanais nó cuntas ioncaim agus caiteachais agus ráiteas faoi shócmhainní agus dliteanais do charthanais a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas.
- I gcás gur lú ná €100,000 ioncam comhlán nó caiteachas iomlán do charthanais i mbliain airgeadais, féadfar cuntas ioncaim agus caiteachais agus ráiteas faoi shócmhainní agus dliteanais do charthanais a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas in ionad ráiteas cuntas a chur faoina bhráid.
- Faoi láthair, tá comhlachtaí oideachais agus cuideachtaí díolmhaithe ó chuntais a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh oibleagáidí ar na comhlachtaí sin a gcuntais a chur isteach in áit eile. I gcás cuideachtaí, mar shampla, ní mór dóibh cuntais bhliantúla a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. I do cháil mar iontaobhaí carthanais, tá freagracht ort as an reachtaíocht ábhartha a athbhreithniú ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil do charthanas ag comhlíonadh na gceanglas cuntasaíochta is infheidhme.

A chinntiú go ndéanann do charthanas tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas

Beag beann ar mhéid do charthanais, ní mór do do charthanas tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas i leith ghníomhaíochtaí an charthanais sa bhliain airgeadais sin. Ní mór an tuarascáil bhliantúil sin a chur isteach laistigh de 10 mí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais agus ba cheart cuntais airgeadais do charthanais (má bhaineann) a chur ar áireamh inti. Cliceáil ar an nasc seo chun rochtain a fháil ar an Treoir d'Úsáideoirí maidir le Tuairisciú Bliantúil ón Rialálaí Carthanas (alt 40).

A chinntiú go gcuirtear an Rialálaí Carthanas ar an eolas i gcás go bhfuil tú den tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go ndearnadh goid nó calaois (an oibleagáid maidir le nochtadh)

Más rud é, i gcúrsa do dhualgais a chomhall, go dtagann faisnéis i do sheilbh arb í faoi deara duit a theacht ar an tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil cion faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 déanta nó á dhéanamh, beidh dualgas ort an méid sin a nochtadh i scríbhinn don Rialálaí Carthanas a luaithe is féidir.

Ba cheart duit tuarascáil i scríbhinn a thabhairt don Rialálaí Carthanas a luaithe is féidir. Ba cheart duit breac-chuntas a thabhairt sa tuarascáil sin ar mhionsonraí na bhforas ar a raibh do thuairim bunaithe.

Is cion faoi alt 59(2) den Acht Carthanas 2009 é mainneachtain tuarascáil i scríbhinn a chur ar fáil don Rialálaí Carthanas sna cúinsí sin. Is cion é tuarascáil bhréagach a chur isteach go feasach.

A chinntiú go gcloíonn tú leis na horduithe arna n-eisiúint ag an Rialálaí

Ní mór duit cloí le haon ordú reachtúil i scríbhinn ón Rialálaí Carthanas maidir le faisnéis nó doiciméid a chur ar fáil chun cur ar ár gcumas ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Áirítear leis sin doiciméid agus taifid a thaispeáint nó míniúcháin a chur ar fáil faoin áit a bhfuil na doiciméid sin mura dtaispeántar iad.

Is cion faoi alt 68 den Acht Carthanas 2009 é mainneachtain cloí le hordú den sórt sin.

Ina theannta sin, ní mór duit cabhrú le cigire arna cheapadh ag an Rialálaí Carthanas chun do charthanas a imscrúdú. Áirítear leis sin aon doiciméid agus taifid atá ag teastáil le haghaidh an imscrúdaithe a thaispeáint. D'fhéadfadh go gceanglófaí ort seasamh os comhair cigire freisin. Féadfaidh cigire ceangal a chur ort doiciméid a bhaineann le do chuntas bainc a chur ar fáil má tá forais réasúnacha aige lena chreidiúint gur trí do chuntas a chuaigh airgead atá bainteach le gníomh ar bith atá déanta agat agus arb ionann é agus mí-iompar i leith an charthanais.

Is cion é bac nó treampán a chur ar Chigire atá ag feidhmiú cumhachta a thugtar dó nó di le barántas arna eisiúint faoi alt 69 den Acht Carthanas 2009.

Tabhair faoi deara go bhfuil feidhm ag an dualgas sin cloí le horduithe arna n-eisiúint ag an Rialálaí maidir le hiar-iontaobhaithe carthanais de chuid do charthanais freisin.

6 Pointí Deiridh le Tabhairt faoi Deara

- Ba cheart do gach iontaobhaí carthanais agus don bhord i dteannta a chéile bheith réamhghníomhach chun iad féin a shásamh go bhfuil struchtúir chuí thrédhearcacha i bhfeidhm, agus é mar aidhm acu a chinntiú go bhfuil gach gné de mhaoirseacht agus bainistíocht a gcarthanais ag feidhmiú i gceart.
- Ba cheart d'iontaobhaithe carthanais a chinntiú gur laistigh de théarmaí bhunreacht a gcarthanais nó de théarmaí ghníomhas iontaobhais a gcarthanais atá cinntí a dhéantar. Ina theannta sin, ba cheart an doiciméad rialaithe iomchuí a athbhreithniú ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm.
- Ba cheart d'aon fhochoistí de chuid boird obair i gcomhréir le Téarmaí Tagartha soiléire. Ba cheart an doiciméad seo a athbhreithniú ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil sé ag teacht le raon feidhme dhoiciméad rialaithe an charthanais.
- Má tá ábhar imní agat faoi do charthanas, ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar an ábhar imní sin a chur in iúl do bhord iontaobhaithe an charthanais sa chéad ásc. Ina lán cásanna, tabharfaidh sé sin deis do na hiontaobhaithe carthanais an t-ábhar imní a réiteach. Más rud é nach bhfuil tú in ann an t-ábhar imní a chur in iúl don charthanas, nó gur chuir tú an t-ábhar imní in iúl dó agus nach ndearna sé aon ghníomh ina leith, ba cheart duit na comhlachtaí is cuí ar féidir leat an t-ábhar imní a chur in iúl dóibh a shainaithint. Is féidir leat d'ábhar imní a chur in iúl don Rialálaí Carthanas trínár bhfoirm ábhar imní ar líne a chomhlánú.

Is é aidhm an treoirdhoiciméid seo cabhrú le hiontaobhaithe carthanais a gcuid dualgas a thuiscint. Níor cheart a mheas, áfach, gur léiriú dlíthiúil é ar an Acht Carthanas 2009 ná ar dhlí ar bith eile agus ní hionann é agus comhairle dlí. Níl sé ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí sa réimse seo. Mar sin, moltar d'iontaobhaithe carthanais a gcomhairle dlí féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa treoirdhoiciméad seo.

PLEASE

Uimhir Thagartha an Doiciméid
CE GLS 08.2.1 002 Rev 000

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0
Teileafón: 01 633 1500

www.charitiesregulatoryauthority.ie

© An Rialálaí Carthanas 2017